Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10067/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0104 (COD)**

**CODEC 775**
**AGRI 263**
**AGRIORG 76**
**AGRIFIN 66**
**POSEIDOM 5**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 a mhéid a bhaineann le cúnamh breise agus solúbthacht bhreise do na réigiúin is forimeallaí atá buailte ag tubaistí nádúrtha tromchúiseacha agus i gcomhthéacs chioclón Chido a d'fhág drochbhail ar Mayotte<br>**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 23 Aibreán 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 42, 43, (2) agus 349 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Meitheamh 2025[2].

---

[1] 8224/25.
[2] Níor foilsíodh fós san IO í.

3. An 17 Meitheamh 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch. Ba cheart an seasamh sin a bheith inghlactha ag an gComhairle[3] de réir mar a chomhfhreagraíonn sé don chomhaontú ar tháinig an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht[4] air an 19 Bealtaine 2025.

4. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 16/25 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;

– maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

3 9730/25.
4 9138/25.